# ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

## Treoirleabhar




An Coimisinéir Teanga



# Clár


| | |
|---|---|
| Réamhrá \| Cúlra | 1 |
| Treoir Ghinearálta don Acht | 2 |
| Comhlachtaí Poiblí | 4 |
| Cumarsáid | 5 |
| Foilseacháin | 8 |
| Stáiseanóireacht | 10 |
| Comharthaí | 14 |
| Fógairtí Taifeadta Béil | 18 |
| Scéimeanna Teanga | 19 |
| An Ghaeilge i dTithe an Oireachtais | 21 |
| An Ghaeilge sna Cúirteanna | 22 |
| Logainmneacha | 23 |
| Achoimre: Dualgais Teanga na gComhlachtaí Poiblí | 24 |
| Achoimre: Cearta Teanga an Phobail | 26 |
| Ról an Choimisinéara Teanga | 28 |
| Imscrúduithe | 29 |
| Freagrachtaí an Aire & an Choimisinéara Teanga | 31 |
| Seicliosta do Chomhlachtaí Poiblí | 33 |
| Sonraí Teagmhála | 34 |



An Coimisinéir Teanga
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

Fón: (091) 504006
Facs: (091) 504036
eolas@coimisineir.ie

Glao áitiúil:
1890-504-006
www.coimisineir.ie



*Eagrán 2 den Treoirleabhar*

# Réamhrá

Tá an Treoirleabhar seo á fhoilsiú ag Oifig an Choimisinéara Teanga chun cúnamh a sholáthar don phobal maidir lena gcearta teanga agus chun comhairle a sholáthar do chomhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Tá súil againn go mbeidh an Treoirleabhar dátheangach seo ina chuidiú daoibh go léir. Níor mhiste, áfach, a bheith airdeallach nach léirmhíniú cuimsitheach dlíthiúil ar an Acht atá sa Treoirleabhar seo agus, dá bhrí sin, níor chóir glacadh leis mar chomhairle dlí.

Tá an Treoirleabhar seo agus tuilleadh eolais ar fáil ar www.coimisineir.ie.

# Cúlra

Tá stádas na Gaeilge leagtha amach i mBunreacht na hÉireann. Deir Airteagal 8 den Bhunreacht:

1. Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomh-theanga oifigiúil í.
2. Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.
3. Ach féadfar socrú a dhéanamh le dlí d'fhonn ceachtar den dá theanga sin a bheith ina haonteanga le haghaidh aon ghnó nó gnóthaí oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de.

Ar 14 Iúil 2003 shínigh an tUachtarán Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ina dhlí agus tugadh forálacha an Achta i bhfeidhm de réir a chéile thar thréimhse trí bliana. Ba é seo an chéad uair a cuireadh bunús reachtúil le soláthar sheirbhísí an státchórais go ginearálta trí mheán na Gaeilge.



Tá sé mar aidhm ag Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 líon agus caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a chuireann comhlachtaí poiblí[1] ar fáil don phobal a mhéadú agus a fheabhsú, ar bhealach eagraithe, thar thréimhse ama. Tá sé i gceist ag an reachtaíocht áit agus spás a chruthú don teanga i saol poiblí na tíre.

Tá Oifig an Choimisinéara Teanga bunaithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla mar oifig reachtúil neamhspleách a fheidhmíonn ina seirbhís ombudsman agus mar áisíneacht ghéilliúlachta.

[1] Ciallaíonn comhlachtaí poiblí sa chás seo na ranna rialtais, oifigí agus gníomhaireachtaí eile stáit atá sonraithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla arna leasú ag aon Ionstraim Reachtúil chuí.





# Treoir Ghinearálta don Acht

**Tá dualgais na n-eagraíochtaí poiblí maidir le seirbhísí a sholáthar i nGaeilge agus cearta an phobail leas a bhaint as na seirbhísí sin leagtha amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá cóip den Acht ar fáil ar www.coimisineir.ie**

## Cuspóir an Achta

Míníonn an ceannteideal fada cuspóir an Achta. Is iad cuspóirí ginearálta an Achta úsáid na Gaeilge a chur chun cinn chun críoch oifigiúil sa stát, dualgais na gcomhlachtaí poiblí i leith theangacha oifigiúla[2] an stáit a leagan amach agus Oifig an Choimisinéara Teanga a bhunú.

## Cuid 1: Alt 1 - 4: Réamhrá & Sainmhínithe:

Tá eolas ginearálta faoi fheidhmiú an Achta ar fáil anseo mar aon le sainmhíniú ar na téarmaí a úsáidtear san Acht.

## Cuid 2: Alt 5 - 8: Tithe an Oireachtais, Achtanna an Oireachtais & na Cúirteanna:

Tugann Cuid 2 den Acht cearta do bhaill den phobal úsáid a bhaint as a rogha teanga oifigiúil i dTithe an Oireachtais agus os comhair na gcúirteanna. Tá sé de cheart ag duine éisteacht a fháil sa teanga oifigiúil is rogha leis nó léi. Tá dualgas ar gach cúirt a chinntiú nach mbeidh éinne faoi mhíbhuntáiste toisc teanga oifigiúil amháin a bheith roghnaithe acu seachas an teanga oifigiúil eile.

Maidir le hAchtanna an Oireachtais, deir Alt 7 gur gá go mbeadh gach Acht foilsithe go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla a luaithe agus is féidir tar éis a achtaithe. De réir Acht Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2006, Alt 3(2)(a), titeann an dualgas ar Choimisiún Thithe an Oireachtais seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil ó theanga oifigiúil amháin go dtí an teanga oifigiúil eile i gcás Achtanna an Oireachtais.

## Cuid 3: Alt 9: Cumarsáid le Comhlachtaí Poiblí:

Pléann forálacha díreacha an Achta in Alt 9 agus na Rialacháin faoi na forálacha sin leis na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí cur ar chumas daoine cumarsáid a dhéanamh leis an stát i gceachtar de na teangacha oifigiúla. Faoi na Rialacháin (I.R. Uimh. 391 de 2008), tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil a gcuid stáiseanóireachta, a gcuid comharthaíochta agus a gcuid fógairtí taifeadta béil á soláthar i nGaeilge amháin, nó i mBéarla agus i nGaeilge, de réir critéar ar leith atá daingnithe sna Rialacháin.

Foráiltear go díreach faoin Acht go bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach i dteanga oifigiúil amháin a fhreagairt sa teanga chéanna. Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí freisin faoin Acht a chinntiú go bhfuil aon fhaisnéis (cora poist) atá á soláthar don phobal i gcoitinne nó d'aicme den phobal i gcoitinne, tríd an gcóras poist nó go leictreonach, i nGaeilge amháin nó i mBéarla agus i nGaeilge.

## Cuid 3: Alt 10: Foilseacháin:

Pléann forálacha díreacha an Achta in Alt 10 leis na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí cáipéisí áirithe a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla, mar shampla doiciméid ina bhfuil tograí beartais phoiblí, tuarascálacha bliantúla, ráitis airgeadais agus ráitis straitéise áirithe.

[2] Ciallaíonn "na teangacha oifigiúla" an Ghaeilge agus an Béarla mar a shonraítear iad i mBunreacht na hÉireann (Alt 8).

## Cuid 3: Alt 11 - 18:
## Scéimeanna Teanga:

Léiríonn Alt 11 - 18 an próiseas faoina socraítear scéimeanna teanga leis na comhlachtaí poiblí. Is faoin Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta atá sé scéimeanna a aontú leis na comhlachtaí poiblí. Tugann na scéimeanna gealltanais reachtúla i leith na socruithe faoina bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí mheán na Gaeilge ar bhealach céimnithe.

Nuair atá scéim daingnithe ag an Aire, tá dualgas ar an gcomhlacht poiblí í a chur i bhfeidhm. Cuireann an tAire cóip de gach scéim atá daingnithe chuig Oifig an Choimisinéara Teanga, áit a ndéantar monatóireacht ar chur i bhfeidhm na scéimeanna.

## Cuid 4: Alt 20 - 30:
## An Coimisinéir Teanga:

Tugann Cuid 4 den Acht eolas maidir le ról, feidhmeanna agus cumhachtaí an Choimisinéara Teanga. Tugtar léargas freisin ar an bpróiseas imscrúdaithe a chuirtear i bhfeidhm má tá amhras ann go bhfuil sárú déanta ar fhoráil d'Acht na dTeangacha Oifigiúla nó d'aon achtachán eile a bhfuil baint aige leis an nGaeilge.

## Cuid 5: Alt 31 - 35:
## Logainmneacha:

Cuimsíonn Cuid 5 den Acht na forálacha maidir le húsáid logainmneacha, idir logainmneacha Gaeltachta agus logainmneacha eile. Tá na hOrduithe Logainmneacha ar fáil ar www.coimisineir.ie.

## Sceideal 1:

Tugann an Chéad Sceideal den Acht liosta de na comhlachtaí poiblí a tháinig faoi scáth na reachtaíochta nuair a achtaíodh é in 2003. Thug an Ionstraim Reachtúil I.R. Uimh. 150 de 2006 comhlachtaí poiblí breise faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus bhain sé amach ón gCéad Sceideal ainmneacha comhlachtaí poiblí nach raibh ann a thuilleadh. Tá liosta iomlán de na comhlachtaí a thagann faoi scáth na reachtaíochta faoi láthair le fáil ar www.coimisineir.ie.

## Sceideal 2:

Tugann an Dara Sceideal den Acht eolas maidir le post an Choimisinéara Teanga.

# Comhlachtaí Poiblí

**Tá liosta de na comhlachtaí poiblí a thagann faoi scáth an Achta sa Chéad Sceideal den Acht arna leasú ag aon ordú cuí déanta ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.**

**San áireamh ar an liosta de chomhlachtaí poiblí tá:**

- Ranna agus oifigí rialtais;
- Údaráis áitiúla;
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;
- Ollscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal eile agus na coistí gairmoideachais;
- Gníomhaireachtaí, boird agus cuideachtaí stáit (tráchtála agus neamhthráchtála).

Ceadaítear don Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, i gcomhar le hAirí cuí eile, an liosta de chomhlachtaí poiblí a leasú, le rialacháin, trí thagairt d'aon chomhlacht poiblí a chur isteach nó a scriosadh.

Ní thagann comhlachtaí príobháideacha go ginearálta faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Is féidir na comhlachtaí, eagraíochtaí nó grúpaí seo a leanas a bheith áirithe mar chomhlachtaí poiblí faoin Acht ach forordú cuí a bheith déanta ag an Aire ina leith:

- Comhlacht, eagraíocht nó grúpa a fhaigheann 50% nó níos mó dá chaiteachas reatha díreach ó Aire Rialtais, ó Roinn Stáit, ón bPríomh-Chiste nó ó chomhlacht poiblí atá faoin Acht.
- Comhlacht, eagraíocht nó grúpa a bhí ina chomhlacht poiblí nuair a tháinig an tAcht i bhfeidhm ach a tháinig faoi úinéireacht phríobháideach nó rialú príobháideach ina dhiaidh sin.
- Comhlacht, eagraíocht nó grúpa atá ag comhlíonadh feidhmeanna a bhí dílsithe roimhe sin do chomhlacht, eagraíocht nó grúpa faoi úinéireacht phoiblí nó rialú poiblí.
- Comhlacht, eagraíocht nó grúpa eile a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an bpobal i gcoitinne, nó le haicme den phobal i gcoitinne, tugtha nó ceadaithe dó le haon achtachán nó le haon cheadúnas nó údarás tugtha faoi aon achtachán.

Tá liosta iomlán de na comhlachtaí poiblí a thagann faoi scáth na reachtaíochta faoi láthair le fáil ar www.coimisineir.ie.



# Cumarsáid

**Tá sé mar aidhm ag Acht na dTeangacha Oifigiúla úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i ngnóthaí an stáit agus a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge in úsáid ag comhlachtaí poiblí agus iad i mbun cumarsáide leis an bpobal agus/nó iad ag soláthar seirbhísí don phobal.**

Tá go leor bealaí ag comhlachtaí poiblí chun dul i dteagmháil leis an bpobal, ina measc: litreacha, teachtaireachtaí ríomhphoist, cora poist, bileoga eolais, tuarascálacha, fógraí agus suímh ghréasáin. Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, tá dualgais faoi leith ar chomhlachtaí poiblí i gcás gach ceann acu sin.

## Stáiseanóireacht, comharthaíocht agus fógairtí taifeadta béil

De réir na Rialachán faoi Alt 9(1) den Acht, tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil:

- a gcuid stáiseanóireachta (nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh chomhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach),
- a gcuid comharthaíochta agus
- a gcuid fógairtí taifeadta béil

á soláthar i nGaeilge nó go dátheangach faoi dhátaí áirithe atá daingnithe faoi na Rialacháin.

Ní leor do chomhlachtaí poiblí fógairtí taifeadta béil, stáiseanóireacht nua agus/nó comharthaí nua a chur ar fáil i mBéarla amháin tar éis na ndátaí cuí atá leagtha amach sna Rialacháin seo. Caithfidh siad bheith i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla.

## Litreacha agus teachtaireachtaí ríomhphoist i nGaeilge

Nuair a scríobhann duine chuig comhlacht poiblí i nGaeilge, i bhfoirm litreach nó leis an ríomhphost, tá an duine sin i dteideal freagra a fháil i nGaeilge. Ar an mbunús sin tá dualgas ar na comhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil córas i bhfeidhm chun déileáil le comhfhreagras i nGaeilge. Níor chóir go mbeadh an tseirbhís i nGaeilge ar chaighdeán níos ísle ná an tseirbhís i mBéarla.



**Imscrúdú**

*Léirigh imscrúdú faoin Acht gur sárú ar dhualgas reachtúil a bhí ann ag comhlacht poiblí cumarsáid trí Ghaeilge a fhreagairt trí Bhéarla. Sa chás seo bhí comhlacht seachtrach ag feidhmiú thar ceann an chomhlachta phoiblí. D'fhreagair an comhlacht seachtrach an chumarsáid i nGaeilge le freagra uathoibríoch, leictreonach i mBéarla.*

## Faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne / Cora poist – Alt 9(3)

Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil aon fhaisnéis i scríbhinn a chuirtear chuig an bpobal i gcoitinne, nó chuig aon aicme den phobal i gcoitinne, i nGaeilge amháin nó i mBéarla agus i nGaeilge.

Uaireanta bíonn deacracht ag comhlacht poiblí cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an dtagann nó nach dtagann cumarsáid áirithe faoi scáth Alt 9(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla. Is ceart Alt 9(3) a léamh i gcomhthéacs Alt 9 ina iomláine agus i gcomhthéacs chuspóirí an Achta mar atá tugtha sa teideal fada – "Acht chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn chun críoch oifigiúil sa stát… le linn cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal nó seirbhísí a sholáthar don phobal agus le linn obair chomhlachtaí poiblí a dhéanamh…".

Baineann Alt 9(1) le rialacháin a dhéanamh maidir le húsáid na Gaeilge i gcomharthaíocht, stáiseanóireacht, fogairtí taifeadta béil srl. Baineann Alt 9(2) le freagra a thabhairt ar chumarsáid scríofa a thionscnaíonn baill den phobal le comhlachtaí poiblí. Baineann Alt 9(3) le cumarsáid ar leith a thionscnaíonn comhlachtaí poiblí faoin Acht i gcásanna áirithe ar leith. De bharr na n-éagsúlachtaí ollmhóra a bhaineann le cumarsáid a eisíonn comhlachtaí poiblí, is léir go gcaithfear breathnú as féin ar gach ceann acu.

# Cumarsáid

**Tá ceithre ghné faoi leith ag baint le hAlt 9(3) agus ba cheart aon chumarsáid atá beartaithe ag comhlacht poiblí leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne a mheas faoi na slata tomhais seo le féachaint an dtagann nó nach dtagann an chumarsáid atá beartaithe faoi scáth an Ailt seo.**

**Seo a leanas na slata tomhais:**

- An **comhlacht poiblí** faoin Acht atá i mbun na cumarsáide?
- An bhfuil an chumarsáid á déanamh **tríd an bpost nó tríd an bpost leictreonach**?
- An cumarsáid í a bhfuil sé mar sprioc aici **faisnéis a thabhairt**?
- An bhfuil an chumarsáid **leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne**?

Má shásaíonn an chumarsáid atá beartaithe ag an gcomhlacht poiblí gach ceann de na slata tomhais sin, bheadh an chosúlacht air go gcomhlíonann sí gach critéar lena tabhairt faoi fhorálacha Alt 9(3) agus ba cheart go mbeadh sí á déanamh i nGaeilge nó go dátheangach.

Mura sásaíonn an chumarsáid atá beartaithe aon cheann amháin nó níos mó de na slata tomhais thuasluaite, bheadh an chosúlacht air nach mbeadh sí san áireamh faoi Alt 9(3).

Ó tharla gur gá go mbeadh aidhm faoi leith chun "faisnéis a thabhairt" ag an gcumarsáid atá clúdaithe faoi Alt 9(3), caithfear gach modh cumarsáide a mheas ina aonar agus sprioc na cumarsáide sin a thógáil san áireamh.



### Imscrúdú

*Léirigh imscrúdú gur sárú ar Alt 9(3) den Acht a bhí ann ag comhlacht poiblí faisnéis a dháileadh ar an bpobal i gcoitinne i gcás inar scaipeadh 1.7 milliún leabhrán i mBéarla tríd an bpost ar fud na tíre agus faoi bhun 30,000 cóip i nGaeilge i gceantair Ghaeltachta áirithe.*

Níl sainmhíniú ar leith déanta san Acht ar na coincheapa a bhaineann le "faisnéis a thabhairt", "don phobal i gcoitinne" nó "aicme den phobal i gcoitinne". Dá bhrí sin, caithfear an ghnáthbhrí a mheastar a bhí ag an Oireachtas leis na focail sin a thabhairt dóibh.

Moltar do chomhlachtaí poiblí leas a bhaint as na slata tomhais thuasluaite agus i gcás go bhfuil amhras orthu fós faoi chumarsáid éigin atá beartaithe acu, ba chóir an cheist a tharraingt anuas ar bhonn réamhghníomhach lena gcomhairleoirí dlí féin neamhspleách ar Oifig an Choimisinéara Teanga.

Sa bhreis ar chomhairle dlí neamhspleách, moltar freisin do chomhlachtaí poiblí tuairim a lorg ó Oifig an Choimisinéara Teanga. Mar shampla, i gcás go raibh comhairleoirí dlí an chomhlachta phoiblí ag maíomh nár tháinig cumarsáid éigin faoi Alt 9(3) ar chúis áirithe, d'fhéadfaí dearcadh Oifig an Choimisinéara Teanga a lorg ansin.

Ar bhonn ginearálta, sa chás go bhfuil amhras ar chomhlacht poiblí agus é idir dhá cheann na meá maidir le cibé an dtagann nó nach dtagann togra cumarsáide ar leith faoi Alt 9(3), is é tuairim Oifig an Choimisinéara Teanga gur chóir leas a bhaint as cur chuige dátheangach, ag tabhairt san áireamh bunchuspóirí an Achta.

**Ní chuireann Oifig an Choimisinéara Teanga comhairle dlí ar fáil do chomhlachtaí poiblí maidir le léirmhiniú Acht na dTeangacha Oifigiúla. Cuirtear comhairle ar fáil, áfach, "do chomhlachtaí poiblí maidir lena n-oibleagáidí faoin Acht...".**

## Seirbhísí teileafóin, bileoga eolais, preasráitis agus suímh ghréasáin

Cé is moite de na bealaí a luadh cheana, tá go leor bealaí eile ag comhlachtaí poiblí chun teagmháil a dhéanamh lena gcuid custaiméirí, mar shampla trí sheirbhísí teileafóin, bileoga eolais, preasráitis agus suímh ghréasáin. Is mar chuid de scéim teanga atá daingnithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhaontaítear dualgais le comhlachtaí poiblí maidir lena leithéid de sheirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge.

Toisc nach bhfuil aon dualgas díreach faoin Acht ar chomhlachtaí poiblí maidir le seirbhísí teileafóin, bileoga eolais, preasráitis agus suímh ghréasáin a sholáthar i nGaeilge, braitheann na seirbhísí seo ar an méid atá daingnithe sna scéimeanna teanga, más ann dóibh. Cé go bhfuil comóntacht áirithe idir na scéimeanna, tá difríochtaí substaintiúla eatarthu freisin. Dá bhrí sin, is gá breathnú ar chuile scéim ina ceann is ina ceann le féachaint céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge atá á soláthar ag comhlacht poiblí faoi leith, sa bhreis ar sheirbhísí atá á soláthar mar dhualgas díreach faoin Acht.

Is féidir samplaí de na seirbhísí seo a fháil ach sracfhéachaint a thabhairt ar na scéimeanna teanga atá daingnithe go dtí seo agus atá ar fáil ar www.coimisineir.ie.  Tabhair faoi deara go bhfuil scéimeanna á ndaingniú ar bhonn leanúnach ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i gcomhar leis na comhlachtaí poiblí. Déanann Oifig an Choimisinéara Teanga monatóireacht ar sholáthar na seirbhísí atá geallta ag comhlachtaí poiblí sna scéimeanna atá daingnithe.



# Foilseacháin

**Tá dualgas faoi Alt 10 den Acht ar chomhlachtaí poiblí croídhoiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla. Ina measc tá:**

- Aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí;
- Aon tuarascáil bhliantúil;
- Aon chuntas iniúchta nó ráiteas airgeadais;
- Aon ráiteas straitéise atá déanta faoi Alt 5 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997;
- Aon doiciméad atá forordaithe go cuí mar go bhfuil tábhacht mhór phoiblí ag baint leis.

> Tá sé d'éifeacht ag Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 forálacha d'achtacháin eile a leasú. Tá sé ráite ag tús Alt 10 go bhfuil éifeacht ag an alt seo "D'ainneoin aon achtacháin eile……".

## Tograí beartais phoiblí

Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí a fhoilsiú *go comhuaineach* i ngach ceann de na teangacha oifigiúla.

Is léir go gcuimsíonn Alt 10(a) den Acht cáipéisí ar nós iad seo a leanas:

- Páipéir bhána agus páipéir uaine atá eisithe ag Ranna Rialtais;
- Dréachtphleananna forbartha na n-údarás áitiúil;
- Aon doiciméad eile a fhoilsítear a bhaineann le beartais phoiblí agus a bhfuil tograí i leith na mbeartas poiblí sin sonraithe ann.

Agus comhlacht poiblí ag iarraidh cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an dtagann doiciméad faoin gceannteideal seo nó nach dtagann agus an bhfuil riachtanas ann, dá bhrí sin, é a fhoilsiú go dátheangach, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:


a) An bhfuil an doiciméad déanta ag nó faoi údarás comhlachta phoiblí atá faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla?

b) An bhfuil an doiciméad le foilsiú? Toisc nach dtugtar sainmhíniú ar an bhfocal "foilsithe" sa reachtaíocht seo, tógann sé a ghnáthbhrí. I bhfocail eile, an mbeidh an doiciméad seo ar fáil don phobal?

c) An bhfuil "tograí beartais phoiblí" sa doiciméad? Arís ní thugtar sainmhíniú ar na focail sin san Acht agus mar sin tógann siad a ngnáthmhíniú. Is cosúil go n-áirítear doiciméid chomhairliúcháin anseo, ina measc páipéir bhána agus uaine chomh maith le dréachtphleananna forbartha na n-údarás áitiúil, ach gan a bheith teoranta dóibh sin, ina gcuirtear tograí maidir le polasaí poiblí i láthair lena meas agus go bhfuil seans ann go gcuirfear nó nach gcuirfear i bhfeidhm iad.

Más féidir freagra dearfach a thabhairt ar na trí cheist thuasluaite, is mó seans atá ann ná a mhalairt go dtagann an doiciméad atá faoi chaibidil faoi théarmaí Alt 10(a) den Acht agus gur gá é a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla.

Má thugtar freagra diúltach ar aon cheann de na trí cheist thuasluaite, is mó seans atá ann ná a mhalairt nach dtagann an doiciméad faoi théarmaí Alt 10(a) den Acht. Dá bhrí sin, ní bheadh dualgas reachtúil é a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla faoin bhfo-alt seo den Acht.



**Imscrúdú**

*Chinn an Coimisinéir Teanga tar éis imscrúdú gur sárú ar dhualgas teanga faoi Alt 10(a) den Acht a bhí ann ag Roinn Rialtais páipéar uaine a fhoilsiú i mBéarla amháin ag tráth nach raibh fáil ar an leagan Gaeilge go comhuaineach mar gur doiciméad a bhí ann inar leagadh amach* "tograí beartais phoiblí."

## Tuarascálacha bliantúla

Caithfidh comhlachtaí poiblí aon tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla.

- Ciallaíonn an fhoráil seo gur cheart go mbeadh an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla faoin gclúdach céanna nó in dhá imleabhar ar leith a bheadh ar chomhchaighdeán.
- Ciallaíonn go comhuaineach go mbeadh fáil *ag an am céanna* ar an dá leagan, más ann dóibh.

Ní leor leagan clóite a chur ar fáil i mBéarla agus leagan leictreonach a chur ar fáil i nGaeilge. Is leor leagan leictreonach i nGaeilge, áfach, más i bhfoirm leictreonach amháin atá an leagan Béarla freisin.

## Cuntas iniúchta nó ráiteas airgeadais

Caithfidh comhlacht poiblí aon chuntas iniúchta nó ráiteas airgeadais a fhoilsiú *go comhuaineach* sa dá theanga oifigiúla. Baineann na critéir chéanna atá thuasluaite faoi fhoilsiú tuarascála bliantúla le cuntais iniúchta agus le ráitis airgeadais freisin.

## Ráitis straitéise

Caithfidh comhlacht poiblí aon ráiteas straitéise atá déanta faoi Alt 5 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 a fhoilsiú *go comhuaineach* sa dá theanga oifigiúla.

Ní bhaineann an dualgas seo le ráitis straitéise go ginearálta ach amháin na ráitis sin atá déanta de thoradh ar dhualgais faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí.

## Aon doiciméad atá forordaithe

Caithfidh comhlacht poiblí aon doiciméad a fhorordaíonn an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (i gcomhar le hAirí eile, más cuí) a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla. Is doiciméid a mbeadh tábhacht mhór phoiblí ag baint leo atá i gceist anseo. Ní raibh forordú déanta ag an Aire i leith aon doiciméad den chineál seo nuair a foilsíodh an t-eagrán seo den Treoirleabhar seo.

### Painéal Aistritheoirí Creidiúnaithe

Bhunaigh Foras na Gaeilge painéal d'aistritheoirí creidiúnaithe i 2006. Cinntíonn an painéal oifigiúil seo gur cheart go mbeadh fáil ag comhlachtaí poiblí ar liosta aistritheoirí a bhféadfadh lánmhuinín a bheith acu as a gcumas agus as a gcaighdeán oibre. Is féidir sonraí teagmhála na n-aistritheoirí creidiúnaithe a fháil ar shuíomh gréasáin an Fhorais **www.gaeilge.ie**.

# Stáiseanóireacht[3]

**Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil na ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe i nGaeilge nó dátheangach.**

## Cén stáiseanóireacht a chaithfidh a bheith ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach?

a) Nóta-pháipéar;
b) Duillíní dea-mhéine;
c) Leatháin chlúdaigh facs;
d) Clúdaigh chomhad agus fillteáin eile;
e) Lipéid;
f) Clúdaigh litreach.

## Cad iad na heochairdhátaí do theacht i bhfeidhm na Rialachán maidir le stáiseanóireacht?

**1 Márta 2009**

ach amháin sna cásanna seo a leanas:

I gcás stáiseanóireachta a bhí i seilbh comhlachta phoiblí cheana féin ar an 1 Márta 2009, is é an spriocdháta do theacht i bhfeidhm na Rialachán ná:

**1 Márta 2011**.

I gcás stáiseanóireachta ar ghá ríomhchlár a athrú ina leith chun an stáiseanóireacht a chur ar fáil i nGaeilge, is é an spriocdháta ná:

**1 Márta 2013**.

[3] Alt 5 de na Rialacháin (I.R. Uimh. 391 de 2008)

## Má roghnaítear téacs dátheangach (seachas téacs i nGaeilge amháin) a úsáid, cad iad na Rialacháin maidir le stáiseanóireacht?[4]

a) Beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús.
b) Beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla agus ar an taobh céanna den leathanach lena mbaineann.
c) Ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla.
d) Maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl.
e) Ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.
f) I gcás go bhfuil Ordú Logainmneacha faoi Alt 32 den Acht i bhfeidhm, tá dualgas ar chomhlacht poiblí an leagan oifigiúil Gaeilge a shonraítear san Ordú a úsáid ina cheannteidil stáiseanóireachta. Tá na hOrduithe Logainmneacha[5] ar fáil ar www.coimisineir.ie.

### Bunachar Téarmaí don tSeirbhís Phoiblí

Tá bunachar téarmaí forbartha ag Foras na Gaeilge le rogha leathan de théarmaí bunúsacha a sholáthar a bheidh ina chabhair do chomhlachtaí poiblí le cinntiú go bhfuil siad ag cloí leis na rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge ar chomharthaí agus ar stáiseanóireacht. Is féidir an bunachar a chuardach de réir teanga, de réir catagóire (go haibítreach), nó is féidir an bunachar sonraí iomlán a chuardach do théarma faoi leith leis an inneall cuardaigh. Tá na téarmaí ar fáil i bhfoirm liostaí aicmithe a bhaineann le réimsí éagsúla den tseirbhís phoiblí agus beidh tuilleadh réimsí agus téarmaí á gcur leis an mbunachar de réir a chéile.


Tá an bunachar téarmaí le fáil ag www.gaeilge.ie.

[4] Alt 7 de na Rialacháin (I.R. Uimh. 391 de 2008)

[5] Folaíonn "logainm" ainm aon chúige, contae, cathrach, baile, sráidbhaile, barúntachta, paróiste nó baile fearainn, nó ainm aon ghné tíre (nádúrtha nó saorga), dúiche, limistéir nó áite, mar a thaispeántar ar léarscáileanna Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann.

**Samplaí stáiseanóireachta atá ag teacht leis na Rialacháin**






**Samplaí stáiseanóireachta atá ag teacht leis na Rialacháin**



## Eisceachtaí sna Rialacháin maidir le stáiseanóireacht

1. Níl dualgas ar chomhlacht poiblí, faoi na Rialacháin seo, ainm comhlachta phoiblí i nGaeilge ná teideal oifigiúil i nGaeilge atá in úsáid go coitianta a aistriú go Béarla.

   *Samplaí d'ainmneacha de chomhlachtaí poiblí a úsáidtear go coitianta i nGaeilge:*
   An Bord Pleanála, An Post, An Garda Síochána, Bord Gáis, Bus Éireann, Iarnród Éireann.

   *Samplaí de theidil oifigiúla i nGaeilge:*
   An Taoiseach, An Tánaiste, An Ceann Comhairle, An Garda, An Coimisinéir Teanga.

2. Níl dualgas ar chomhlacht poiblí, faoi na Rialacháin seo, aistriúchán a dhéanamh ó Bhéarla go Gaeilge, ná ó Ghaeilge go Béarla, ar:
   i) ainm duine;
   ii) lógó;
   iii) ainm branda;
   iv) ainm comhlachta seachas comhlacht poiblí.

3. Níl dualgas ar chomhlacht poiblí, faoi na Rialacháin seo, aistriúchán a dhéanamh ó theanga nach teanga oifigiúil í (mar shampla Fraincis, Polainnis nó Sínis) go teanga oifigiúil (Gaeilge nó Béarla) ar:
   i) ainm duine;
   ii) logainm i gcás áite lasmuigh den Stát;
   iii) aon doiciméad nó foilseachán.

4. Tabhair faoi deara nach mbaineann na Rialacháin seo le:
   i) An Foras Teanga ach amháin i gcás a fheidhmeanna i leith na Gaeilge.
   ii) Le comhlachtaí poiblí sa mhéid go seolann siad gníomhaíochtaí tráchtála lasmuigh den Stát.
   iii) I gcás stáiseanóireachta a úsáideann comhlacht forfheidhmithe faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 le haghaidh comhfhreagrais le daoine lasmuigh den Stát.



# Comharthaí[6]

**Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil na comharthaí a chuireann siad in airde, nó a chuirtear in airde thar a gceann, sa Stát nó lasmuigh den Stát i nGaeilge nó dátheangach.**

## Cad iad na heochairdhátaí do theacht i bhfeidhm na Rialachán maidir le comharthaí?

| | | |
|---|---|---|
| A | I gcás **comharthaí nua**, is é sin comharthaí a shuitear in aon suíomh ar 1 Márta 2009 nó dá éis sin (cibé acu an in ionad comharthaí níos sine atá siad nó nach ea). | **1 Márta 2009** |
| B | I gcás comharthaí a shuitear in aon suíomh roimh 1 Márta 2009 ar comharthaí iad ar ina leith a bheadh na Rialacháin seo á gcomhlíonadh murach **earráid sa téacs Gaeilge**. | **1 Márta 2012** |
| C | I gcás comharthaí **i mBéarla amháin** a shuitear in aon suíomh roimh 1 Márta 2009. | **1 Márta 2013** |
| D | I gcás comharthaí a shuitear in aon suíomh ar comharthaí iad atá ag cloí leis na Rialacháin **ach** nach bhfuil an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla **nó** go bhfuil na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla. | **1 Eanáir 2026** |
| E | I gcás comharthaí de gach aicme eile. | **1 Márta 2013** |

[6] Alt 6 de na Rialacháin (I.R. Uimh. 391 de 2008)

## Má roghnaítear téacs dátheangach (seachas téacs i nGaeilge amháin) a úsáid, cad iad na Rialacháin maidir le comharthaí?[7]

a) Beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús.
b) Beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla.
c) Ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla.
d) Maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl.
e) Ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.
f) I gcás go bhfuil Ordú Logainmneacha faoi Alt 32 den Acht i bhfeidhm, tá dualgas ar chomhlacht poiblí an leagan oifigiúil Gaeilge a shonraítear san Ordú a úsáid i gcomharthaí a shuitear in aon suíomh. Tá na hOrduithe Logainmneacha ar fáil ar www.coimisineir.ie.

## Eisceachtaí sna Rialacháin maidir le comharthaí

1. Níl dualgas ar chomhlacht poiblí, faoi na Rialacháin seo, ainm comhlachta phoiblí i nGaeilge ná teideal oifigiúil i nGaeilge atá in úsáid go coitianta a aistriú go Béarla.
   *Samplaí d'ainmneacha de chomhlachtaí poiblí a úsáidtear go coitianta i nGaeilge:*
   An Bord Pleanála, An Post, An Garda Síochána, Bord Gáis, Bus Éireann, Iarnród Éireann.
   *Samplaí de theidil oifigiúla i nGaeilge:*
   An Taoiseach, An Tánaiste, An Ceann Comhairle, An Garda, An Coimisinéir Teanga.
2. Níl dualgas ar chomhlacht poiblí, faoi na Rialacháin seo, aistriúchán a dhéanamh ó Bhéarla go Gaeilge, ná ó Ghaeilge go Béarla, ar:
   i) ainm duine;
   ii) lógó;
   iii) ainm branda;
   iv) ainm comhlachta seachas comhlacht poiblí.

[7] Alt 7 de na Rialacháin (I.R. Uimh. 391 de 2008)

3. Níl dualgas ar chomhlacht poiblí, faoi na Rialacháin seo, athrú a dhéanamh:
   i) ar chomhartha ar díol spéise é ó thaobh na healaíne, na hailtireachta nó na staire de;
   ii) ar chomhartha atá faoi réir ordaithe buanchoimeádta faoi Alt 8 (arna leasú le hAcht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1954 (Uimh. 37 de 1954) d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 (Uimh.2 de 1930));
   iii) ar phlaic chuimhneacháin a suíodh nó a cuireadh in airde in aon suíomh ar 1 Márta 2009 nó roimhe sin;
   iv) ar chomhartha a chomhlíonann na Rialacháin seo seachas an téacs i mBéarla a bheith ann roimh an téacs i nGaeilge.

4. Níl dualgas ar chomhlacht poiblí, faoi na Rialacháin seo, aistriúchán a dhéanamh ó theanga nach teanga oifigiúil í (mar shampla Fraincis, Polainnis nó Sínis) go teanga oifigiúil (Gaeilge nó Béarla) ar:
   i) ainm duine;
   ii) logainm i gcás áite lasmuigh den Stát;
   iii) aon doiciméad nó foilseachán.

5. Tabhair faoi deara nach mbaineann na Rialacháin seo le:
   i) An Foras Teanga ach amháin i gcás a fheidhmeanna i leith na Gaeilge.
   ii) Comhlachtaí poiblí sa mhéid go seolann siad gníomhaíochtaí tráchtála lasmuigh den Stát.
   iii) Comharthaí tráchta lena mbaineann na Rialacháin faoi Alt 95(2) nó lena mbaineann ordachán faoi Alt 95(16) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 (Uimh. 24 de 1961).
   iv) Comharthaí lena mbaineann na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 (I.R. Uimh. 299 de 2007).
   v) Comharthaí curtha in airde lasmuigh den Stát ag comhlacht forfheidhmithe nó curtha in airde lasmuigh den Stát thar ceann chomhlacht forfheidhmithe faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999.

## Cad is féidir a dhéanamh i gcás go mbeadh comharthaí dátheangacha rómhór?

I gcásanna áirithe is féidir le comhlacht poiblí dhá chomhartha, ceann i nGaeilge agus ceann i mBéarla, a chur in airde seachas comhartha amháin dátheangach a chur in airde.

I gcás ina mbeartaíonn comhlacht poiblí comhartha a chur in airde i nGaeilge agus i mBéarla in aon suíomh agus go bhfuil sé den tuairim go mbeadh comhartha dátheangach rómhór nó deacair le léamh nó ina chúis bacainne nó gur dhócha go mbeadh daoine, le linn é a léamh, ina mbaol dóibh féin nó do dhaoine eile, féadfaidh an comhlacht dhá chomhartha a chur in airde ag an suíomh sin agus an fhaisnéis lena mbaineann a bheith i nGaeilge ar chomhartha amháin díobh agus an fhaisnéis chéanna a bheith i mBéarla ar an gcomhartha eile.

## An bhfuil roghanna eile ann má tá líon mór comharthaí atá díreach mar an gcéanna ar an láithreán céanna?

Tá trí rogha ag an gcomhlacht poiblí má tá níos mó ná 20 comhartha á gcur in airde atá díreach mar an gcéanna ar an láithreán céanna:

- Is féidir na comharthaí a chur in airde i nGaeilge amháin

  *nó*
- Is féidir na comharthaí a chur in airde go dátheangach


  *nó*
- Is féidir an téacs a chur i nGaeilge amháin ar an gcéad chomhartha a fheictear agus an téacs a chur i mBéarla amháin ar an dara comhartha a fheictear agus ar aghaidh mar sin ar gach dara comhartha ina dhiaidh sin ach caithfear a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chéanna ar gach comhartha.

D'ainneoin ghinearáltacht an rialacháin seo, féadfaidh comhlacht poiblí comharthaí a chur in airde ar comharthaí iad atá de réir Chóras Idirnáisiúnta na nAonad arna ghlacadh ag an Bureau Internationale des Poids et Mesures, arna bhunú leis an Metre Convention a síníodh i bPáras sa bhliain 1875.

Cad é an spriocdháta do theacht i bhfeidhm na Rialachán i gcás comharthaí nua?
**1 Márta 2009**

# Comharthaí nua curtha in airde tar éis 1 Márta 2009

**Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil na comharthaí a chuireann siad in airde, nó a chuirtear in airde thar a gceann, tar éis an 1 Márta 2009, (le heisceachtaí áirithe) i nGaeilge nó dátheangach faoi na Rialacháin (I.R. Uimh. 391 de 2008). Seo a leanas samplaí de chomharthaí atá ag teacht leis na Rialacháin agus tuilleadh nach bhfuil.**





Tá na comharthaí thuas ag teacht leis na Rialacháin ar na cúiseanna a leanas:


Tá an téacs i nGaeilge ann ar dtús; tá sé chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite leis an téacs i mBéarla agus cuireann sé an fhaisnéis chéanna in iúl.




Tá na comharthaí thuas ag teacht leis na Rialacháin toisc gur i nGaeilge amháin atá an téacs.




Tá an comhartha thuas ag teacht leis na Rialacháin toisc go bhfuil an téacs i nGaeilge ar a laghad chomh feiceálach leis an téacs i mBéarla.




Níl an comhartha thuas ag teacht leis na Rialacháin toisc nach bhfuil an téacs i nGaeilge ann ar dtús. Caithfear an comhartha seo a leasú láithreach.

## Bunachar Téarmaí don tSeirbhís Phoiblí

Tá bunachar téarmaí forbartha ag Foras na Gaeilge le rogha leathan de théarmaí bunúsacha a sholáthar a bheidh ina chabhair do chomhlachtaí poiblí le cinntiú go bhfuil siad ag cloí leis na rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge ar chomharthaí agus ar stáiseanóireacht. Is féidir an bunachar a chuardach de réir teanga, de réir catagóire (go haibítreach), nó is féidir an bunachar sonraí iomlán a chuardach do théarma faoi leith leis an inneall cuardaigh. Tá na téarmaí ar fáil i bhfoirm liostaí aicmithe a bhaineann le réimsí éagsúla den tseirbhís phoiblí agus beidh tuilleadh réimsí agus téarmaí á gcur leis an mbunachar de réir a chéile.


Tá an bunachar téarmaí le fáil ag www.gaeilge.ie.

# Comharthaí a bhí cheana féin in airde roimh 1 Márta 2009


**I gcás comharthaí a bhí curtha in airde roimh 1 Márta 2009 ar comharthaí iad nach bhfuil ag teacht leis na Rialacháin (I.R. Uimh. 391 de 2008), caithfear iad a leasú faoi dháthaí atá leagtha síos mar a fheictear thíos:**




Níl an comhartha thuas ag teacht leis na Rialacháin toisc go bhfuil earráid sa téacs i nGaeilge (Éalite scríofa in ionad Éalaithe). Caithfear an comhartha seo a leasú faoin 1 Márta 2012.




Níl an comhartha thuas ag teacht leis na Rialacháin toisc go bhfuil an téacs i mBéarla amháin. Caithfear an comhartha seo a leasú faoin 1 Márta 2013.




Níl an comhartha thuas ag teacht leis na Rialacháin toisc nach gcuireann an téacs i nGaeilge an fhaisnéis chéanna in iúl is a chuireann an téacs i mBéarla. Caithfear an comhartha seo a leasú faoin 1 Márta 2013.




Níl an comhartha thuas ag teacht leis na Rialacháin toisc go bhfuil focal sa téacs i nGaeilge giorraithe (Comh. scríofa in ionad Comhairle) agus nach bhfuil an focal sin giorraithe sa téacs i mBéarla. Caithfear an comhartha seo a leasú faoin 1 Márta 2013.




Níl na comharthaí thuas ag cloí leis na Rialacháin sa mhéid is nach bhfuil an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla. Ó tharla na comharthaí a bheith ag cloí le gach gné eile de na Rialacháin, áfach, ní chaithfear iad a leasú go dtí an 1 Eanáir 2026.

# Fógairtí Taifeadta Béil[8]

**Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil fógairtí taifeadta béil a dhéanann siad nó a dhéantar thar a gceann i nGaeilge nó go dátheangach faoi 1 Iúil 2013.**

## Cén cineál fógairtí atá i gceist?

1. Fógairtí **taifeadta** béil ar an teileafón atá le cloisteáil nuair atá oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta mar shampla: *"Tá an oifig seo oscailte ó a naoi go dtí a leathuair tar éis a cúig. Tá an oifig dúnta anois ach fág teachtaireacht agus cuirfear glaoch ar ais ort."*
2. Fógairtí **taifeadta** béil atá á dtarchur trí mheán córas callaireachta poiblí mar shampla fógairtí taifeadta ar nós rabhadh slándála in aerfort, i stáisiún traenach nó in aon ionad poiblí eile.
3. Fógairtí **taifeadta** béil a chruthaítear agus a tharchuirtear trí mheán seirbhís ríomhairithe teachtaireachta nó seirbhís ríomhairithe freagartha teileafóin mar shampla: "Brúigh 1 do chuntais; brúigh 2 don lasc-chlár."

Tabhair faoi deara gur fógairtí **taifeadta** seachas fógairtí **beo** a bhaineann le hábhar anseo.

## Logainmneacha in úsáid i bhfógairtí taifeadta béil[9]

I gcás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, tá dualgas ar chomhlacht poiblí an leagan Gaeilge den logainm a shonraítear san Ordú sin a úsáid i bhfógairt thaifeadta bhéil atá déanta ag an gcomhlacht poiblí nó thar a cheann.

Tá na hOrduithe Logainmneacha atá déanta go dtí seo i gcomhréir le hAlt 32 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla ar fáil ar www.coimisineir.ie.

## Eisceachtaí sna Rialacháin maidir le fógairtí taifeadta béil

1. Níl dualgas ar chomhlacht poiblí ainm comhlachta phoiblí i nGaeilge ná teideal oifigiúil i nGaeilge atá in úsáid go coitianta a aistriú go Béarla.

   *Samplaí d'ainmneacha de chomhlachtaí poiblí a úsáidtear go coitianta i nGaeilge:*
   An Bord Pleanála, An Post, An Garda Síochána, Bord Gáis, Bus Éireann, Iarnród Éireann.
   *Samplaí de theidil oifigiúla i nGaeilge:*
   An Taoiseach, An Tánaiste, An Ceann Comhairle, An Garda, An Coimisinéir Teanga.

2. Níl dualgas ar chomhlacht poiblí aistriúchán a dhéanamh ó Bhéarla go Gaeilge ná ó Ghaeilge go Béarla ar:
   i) ainm duine;
   ii) lógó;
   iii) ainm branda;
   iv) ainm comhlachta seachas comhlacht poiblí.

3. Níl dualgas ar chomhlacht poiblí aistriúchán a dhéanamh ó theanga nach teanga oifigiúil í (mar shampla Fraincis, Polainnis nó Sínis) go teanga oifigiúil (Gaeilge nó Béarla) ar:
   i) ainm duine;
   ii) logainm i gcás áite lasmuigh den Stát;
   iii) aon doiciméad nó foilseachán.
   Ní chuireann na Rialacháin seo cosc ar chomhlacht poiblí teangacha breise, seachas Gaeilge agus Béarla, a úsáid i bhfógairtí taifeadta béil.

4. Tabhair faoi deara nach mbaineann na Rialacháin seo le:
   i) An Foras Teanga ach amháin i gcás a dhualgas i leith na Gaeilge.
   ii) Le fógairtí taifeadta béil atá le cloisteáil lasmuigh den Stát amháin.
   iii) Le fógairtí taifeadta béil pearsanta atá taifeadta ag baill foirne i gcomhlacht poiblí.

Cad é an spriocdháta do theacht i bhfeidhm na Rialachán maidir le fógairtí taifeadta béil?

**1 Iúil 2013**

[8] Alt 4 de na Rialacháin (I.R. Uimh. 391 de 2008)

[9] Alt 8 de na Rialacháin (I.R. Uimh. 391 de 2008)

# Scéimeanna Teanga

**Is féidir leis an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta iarraidh ar aon chomhlacht poiblí scéim teanga a ullmhú faoi réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is iad an comhlacht poiblí agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a chomhaontaíonn forálacha na scéime. Tugann an comhlacht poiblí gealltanais sa scéim maidir leis na seirbhísí a bheidh á gcur ar fáil acu i nGaeilge nó go dátheangach.**

Nuair a dhaingníonn an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an scéim, tá feidhm reachtúil leis na gealltanais agus tá dualgas ar an gcomhlacht poiblí iad a chur i bhfeidhm.

Tá sé mar chuspóir leis na scéimeanna teanga méadú a dhéanamh ar líon agus ar chaighdeán na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil ó chomhlachtaí stáit thar thréimhse ama. Fanann na scéimeanna reachtúla seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go mbíonn scéim nua daingnithe ag an Aire.

## Ullmhú agus aontú scéim teanga

Is iad an comhlacht poiblí agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a chomhaontaíonn an scéim teanga agus níl aon bhaint ag Oifig an Choimisinéara Teanga leis an bpróiseas seo.

Chun cuidiú le comhlachtaí poiblí agus iad i mbun scéim teanga a ullmhú, tá treoirlínte reachtúla réitithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus tá siad ar fáil ar www.coimisineir.ie.

De réir na reachtaíochta, tugtar tréimhse 6 mhí do chomhlacht poiblí chun dréachtscéim a ullmhú ón am a dtreoraíonn an tAire dóibh a leithéid a dhéanamh. Ina dhiaidh sin, is gnách go mbíonn tréimhse chomhairliúcháin idir an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus an comhlacht poiblí sula mbíonn an scéim aontaithe. Ní thagann an scéim féin i bhfeidhm nó go mbíonn sí daingnithe ag an Aire.

Déantar cur síos sa scéim ar na seirbhísí a bheartaíonn an comhlacht poiblí a sholáthar:

- trí Ghaeilge amháin
- trí Bhéarla amháin nó
- go dátheangach.

Freisin is gá go ndéanfaí sonrú ar na céimeanna atá i gceist ag an gcomhlacht poiblí a ghlacadh chun na seirbhísí atá luaite a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.

Tá sé de cheart ag an Aire ag aon am agus tráth nach déanaí ná 6 mhí sula rachaidh scéim in éag, treoir a thabhairt don chomhlacht poiblí athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim reatha agus dréachtscéim úr a ullmhú.

**Riachtanais maidir le hullmhú Scéim Teanga**

(1) Fógra a fhoilsiú ag lorg ionchuir ó pháirtithe leasmhara

(2) Aird a thabhairt ar threoirlínte na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

(3) Cinntiú go bhfuil líon leordhóthanach foirne in ann seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge nó go dátheangach

(4) Cinntiú go bhfreastalófar ar na riachtanais áirithe Gaeilge a bhaineann le seirbhísí a sholáthar i limistéir Ghaeltachta

(5) Cinntiú go mbeidh an Ghaeilge ina teanga oibre ina chuid oifigí sa Ghaeltacht tráth nach déanaí ná cibé dáta a chinnfidh an comhlacht poiblí le toiliú an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

(6) Laistigh den tréimhse ama atá sonraithe san fhógra a foilsíodh, dréachtscéim a ullmhú agus a thíolacadh don Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta lena daingniú

## Géilliúlacht & faireachán

Tá cúram díreach curtha ar Oifig an Choimisinéara Teanga maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tugtar faoi chomhlíonadh an chúraim seo ar bhealaí éagsúla, ina measc léirmheas agus iniúchadh ar fheidhmiú na scéimeanna teanga.

Tá sé mar ghnáthnós ag Oifig an Choimisinéara Teanga léirmheas a dhéanamh ar fheidhmiú na scéime tar éis na chéad bhliana agus déantar iniúchadh níos cuimsithí ag deireadh na tríú bliana. Is gnách gur trí phróiseas ceistneora agus cruinnithe a thugtar faoi iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmiú na scéimeanna teanga. Ag deireadh an phróisis faireacháin, cuirtear tuairisc Oifig an Choimisinéara Teanga faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann.

Sa chás is go mbeadh gealltanais scéime nach raibh curtha i bhfeidhm go sásúil faoin dáta cuí, déantar gach iarracht teacht ar réiteach sásúil leis an gcomhlacht poiblí chun an fhaillí a cheartú. I gcásanna nach dtarlaíonn sé sin, is gá dul i muinín an chórais imscrúdaithe.

Is féidir cóip de na scéimeanna atá aontaithe go dtí seo a fháil ar www.coimisineir.ie.



**Imscrúdú**

*Léirigh imscrúdú gur sárú é ar Alt 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla nuair nach raibh seirbhís trí Ghaeilge ar fáil a bhí geallta go sonrach i scéim teanga ag comhlacht poiblí.*

# An Ghaeilge i dTithe an Oireachtais

## Díospóireachtaí/Coistí

Tá sé de cheart ag comhaltaí den Dáil agus den Seanad Gaeilge nó Béarla a úsáid in aon díospóireacht nó in aon imeacht eile sa Dáil, sa Seanad agus/nó in aon choiste, fochoiste nó comhchoiste den Oireachtas.

Tá sé de cheart ag duine aon ghnó atá aige nó aici os comhair Thithe an Oireachtais agus/nó os comhair coistí, fochoistí nó comhchoistí de chuid an Oireachtais a dhéanamh trí Ghaeilge nó trí Bhéarla.

Caithfidh gach tuairisc oifigiúil ar dhíospóireachtaí agus ar imeachtaí eile i dTithe an Oireachtais a bheith foilsithe go dátheangach, seachas óráidí (cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn). Is féidir óráidí i gceachtar de na teangacha oifigiúla a fhoilsiú sa teanga inar dearnadh an óráid.

Tá córas ateangaireachta chomhuainigh ar fáil i dTithe an Oireachtais le cinntiú nach bhfuil an té atá gan Ghaeilge faoi mhíbhuntáiste nuair atá Gaeilge á labhairt.

## Achtanna an Oireachtais

Cé is moite den Bhunreacht, is iad Achtanna an Oireachtais an phríomhfhoinse dlí in Éirinn. Is gá ón 14 Iúil 2006 ar aghaidh na hAchtanna a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla a luaithe agus is féidir tar éis a n-achtaithe, mar atá leagtha amach in Alt 7 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla.

De réir Acht Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2006, Alt 3(2)(a), titeann an dualgas ar Choimisiún Thithe an Oireachtais seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil ó theanga oifigiúil amháin go dtí an teanga oifigiúil eile i gcás Achtanna an Oireachtais.



### Imscrúdú

*Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar iarratas ó ochtar ball den Oireachtas, chinn an Coimisinéir Teanga sa bhliain 2007 nár shárú ar fhoráil de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla a bhí ann gan leaganacha Gaeilge a bheith á bhfoilsiú de bhillí le linn an phróisis achtaithe i dTithe an Oireachtais.*

## Cur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá dualgas ar an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta tuarascáil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais gach bliain maidir le cur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla sa bhliain roimhe sin.



# An Ghaeilge sna Cúirteanna

## Ceart an duine Gaeilge a úsáid

Is féidir leas a bhaint as ceachtar den dá theanga oifigiúla in aon chúirt, in aon phléadáil in aon chúirt nó in aon doiciméad a eisítear ó aon chúirt. Tá dualgas ar an gcúirt a chinntiú go bhféadfadh aon duine éisteacht a fháil sa teanga oifigiúil is rogha leis nó léi.

Ciallaíonn sé sin go bhfuil cead ag aon duine Gaeilge nó Béarla a úsáid agus gan a bheith faoi mhíbhuntáiste toisc na rogha atá déanta aige nó aici. Ciallaíonn sé freisin nach féidir le haon chúirt iarracht a dhéanamh tabhairt ar dhuine fianaise a thabhairt in aon teanga seachas a rogha teanga oifigiúil, Gaeilge nó Béarla.

Má tá an Stát nó comhlacht poiblí mar pháirtí in imeachtaí sibhialta os comhair cúirte, bainfidh an Stát nó an comhlacht poiblí úsáid as an teanga oifigiúil, Gaeilge nó Béarla, atá roghnaithe ag an bpáirtí eile. Má tá níos mó ná páirtí amháin eile i gceist, beidh cinneadh le déanamh ag an Stát nó ag an gcomhlacht poiblí faoi cibé teanga oifigiúil a bheadh réasúnach a úsáid sa chás.

Ní féidir leis an gcúirt nó leis an gcomhlacht poiblí aon chiotaí ná aon chaiteachas breise a chur ar an duine a roghnaíonn teanga oifigiúil amháin seachas teanga oifigiúil eile.



## Córas ateangaireachta sna cúirteanna

Tá dualgas ar an gcúirt socruithe a dhéanamh faoi sholáthar córas ateangaireachta más cuí agus ní féidir aon mhíbhuntáiste ná caiteachas breise a chur ar an duine aonair de bharr gur roghnaigh sé nó sí teanga oifigiúil amháin seachas an ceann eile.

D'fhéadfadh sé a bheith inmhianaithe fógra a thabhairt roimh ré don tSeirbhís Chúirteanna ag cur in iúl gur mhian le duine go dtabharfaí a c(h)uid fianaise trí Ghaeilge le gur féidir na socruithe cuí a dhéanamh i dtaobh córas ateangaireachta, más gá.



# Logainmneacha

Tugann an Coimisiún Logainmneacha, a bunaíodh i 1946, comhairle don Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le leaganacha Gaeilge de logainmneacha ar fud na tíre. Foráiltear le hAlt 32 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla gur féidir leis an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta orduithe logainmneacha a eisiúint ag dearbhú na leaganacha Gaeilge de logainmneacha tar éis dó comhairle a fháil ón gCoimisiún.

## Logainmneacha ar fud na tíre

Tá cóipeanna de na hOrduithe Logainmneacha go léir atá déanta go dtí seo ar fáil ar www.coimisineir.ie. Baineann an chuid is mó de na hOrduithe le contaetha éagsúla ach tá Orduithe ann freisin a thugann ainmneacha na gcúigí agus na gcontaetha, na lárionad daonra agus dúichí agus na gceantar Gaeltachta.

I gcás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, tá dualgas ar chomhlacht poiblí faoi na Rialacháin atá déanta faoi Alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla an leagan oifigiúil den logainm a shonraítear san Ordú sin a úsáid, tar éis dátaí áirithe, sna cásanna seo a leanas:

a) I gceannteidil stáiseanóireachta ar stáiseanóireacht nua a úsáideann an comhlacht poiblí ó 1 Márta 2009;
b) I gcomharthaí nua a chuireann an comhlacht poiblí ar aon suíomh ó 1 Márta 2009;
c) I bhfógairtí taifeadta béil déanta ag an gcomhlacht poiblí nó thar a cheann ó 1 Márta 2013.




## Logainmneacha Gaeltachta

Maidir le logainmneacha Gaeltachta, is gá úsáid a bhaint as an leagan Gaeilge den logainm Gaeltachta mar atá sé san Ordú Logainmneacha sna cásanna seo a leanas:

a) In aon **Acht den Oireachtas** nó in aon Ionstraim Reachtúil déanta tar éis theacht i bhfeidhm an Ordaithe Logainmneacha;
b) I **léarscáileanna** ullmhaithe agus foilsithe ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann nó le cead uaithi ar 1 Eanáir 2005 nó dá éis sin, agus a bhfuil a gcuid scálaí de réir aon cheann de na scálaí ó 1:1 go 1:9,999 agus an dá scála sin san áireamh;
c) Ar **chomhartha bóthair nó sráide** arna chur suas ag údarás áitiúil nó thar a cheann.

D'fhéadfadh comhlacht poiblí ar leith gealltanais bhreise a bheith tugtha acu i dtaobh úsáid logainmneacha Gaeltachta ina gcuid scéimeanna teanga.

Tá na logainmneacha Gaeltachta daingnithe san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004 IR 872 de 2004 atá ar fáil ar www.coimisineir.ie.

Faoi réir fhorálacha Alt 33(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, níl aon fheidhm ná éifeacht ó 28 Márta 2005 leis an leagan Béarla de na logainmneacha seo, i gcás Achtanna den Oireachtais, sna léarscáileanna thuasluaite nó ar chomharthaí bóthair nó sráide de chuid na n-údarás áitiúil.

Tá sé de rogha, áfach, ag duine an leagan oifigiúil Gaeilge nó an leagan neamhoifigiúil Béarla a úsáid do logainm Gaeltachta de réir mar is rogha leis nó léi féin ach amháin i gcás na n-eisceachtaí thuasluaite agus aon eisceacht eile a bheadh déanta i scéim teanga faoin Acht.

Féach freisin www.logainm.ie.





# Achoimre: Dualgais Teanga na gComhlachtaí Poiblí

**Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí:**

- A chinntiú gur i nGaeilge a fhreagraítear comhfhreagras (tríd an gcóras poist nó go leictreonach) a sheoltar i nGaeilge chuig comhlachtaí poiblí (Alt 9(2) den Acht).

- A chinntiú nuair atá faisnéis á soláthar don phobal i gcoitinne nó d'aicme den phobal i gcoitinne tríd an bpost nó go leictreonach (mar shampla cora poist) gur i nGaeilge nó go dátheangach atá an chumarsáid sin (Alt 9(3) den Acht).

- Na doiciméid seo a leanas a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla:
  - aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí;
  - aon tuarascáil bhliantúil;
  - aon chuntas iniúchta nó ráiteas airgeadais;
  - aon ráiteas straitéise atá déanta faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997;
  - aon doiciméad a fhorordaíonn an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (i gcomhar le hAirí eile, más cuí) go bhfuil tábhacht mhór phoiblí ag baint leis (Alt 10 den Acht).

- Tá sé de dhualgas ar Thithe an Oireachtais gach Acht a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla a luaithe agus is féidir tar éis don Acht a bheith achtaithe (Alt 7 den Acht). De réir Acht Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2006, Alt 3(2)(a), titeann an dualgas ar Choimisiún Thithe an Oireachtais seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil ó theanga oifigiúil amháin go dtí an teanga oifigiúil eile i gcás Achtanna an Oireachtais.

- Tá dualgas ar gach cúirt glacadh le rogha teanga oifigiúil (Gaeilge nó Béarla) an té a bhfuil gnó aige nó aici leis an gcúirt sin (Alt 8 den Acht).

- Tá sé de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí scéim teanga a aontú leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta nuair a iarrann an tAire ar an gcomhlacht é sin a dhéanamh agus gealltanais na scéime reachtúla sin a chur i bhfeidhm (Alt 11-18 den Acht).

- Tá sé de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí comhoibriú le hOifig an Choimisinéara Teanga maidir le comhlíonadh fheidhmeanna na hOifige sin. San áireamh anseo tá comhoibriú leis an gCoimisinéir Teanga nuair atá sé ag fiosrú gearáin, ag seoladh imscrúdaithe agus/nó ag déanamh monatóireachta ar chomhlíonadh dhualgais teanga na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht (Alt 22 den Acht).

- Tá dualgas reachtúil ar gach comhlacht poiblí feidhmiú de réir na Rialachán atá déanta ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le húsáid na Gaeilge i gcomharthaí, stáiseanóireacht agus fógairtí taifeadta béil (Alt 9(1) den Acht).



## Dualgais teanga faoi achtacháin eile

Tá stádas faoi leith ag an nGaeilge in achtacháin eile seachas Acht na dTeangacha Oifigiúla agus tá dualgais dá réir ar chomhlachtaí áirithe seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge.



*I measc na n-achtanna eile atá i gceist tá an tAcht Árachais 1936, an tAcht Iompair 1950, an tAcht Oidhreachta 1995, an tAcht Oideachais 1998, an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus Acht an Gharda Síochána 2005.*

Tá sé de cheart ag an gCoimisinéir Teanga imscrúdú a dhéanamh in aon chás ina gcreidtear go bhfuil teipthe ar chomhlacht poiblí a dhualgais a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, faoi aon rialachán atá déanta faoin Acht agus/nó faoi aon scéim atá daingnithe i leith comhlachta phoiblí faoin Acht. Tá sé de cheart freisin go bhfiosróidh an Coimisinéir Teanga aon ghearán bailí ina líomhnaítear nach bhfuil forálacha d’aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge á gcomhlíonadh.







# Achoimre: Cearta Teanga an Phobail

**Deimhníonn Acht na dTeangacha Oifigiúla go bhfuil na cearta seo a leanas ag an bpobal:**

- Tá sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil go gcloífidh comhlachtaí poiblí le haon rialachán a dhéantar faoin Acht seo i dtaca le húsáid na Gaeilge i gcomharthaíocht, stáiseanóireacht agus fógairtí taifeadta béil (Alt 9(1) den Acht).

- Tá sé de cheart ag an bpobal freagraí a fháil i nGaeilge ó chomhlachtaí poiblí ar chomhfhreagras tríd an bpost nó trí ríomhphost a scríobhtar sa teanga sin (Alt 9(2) den Acht).

- Tá sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil go gcuirfidh comhlachtaí poiblí faisnéis (mar shampla cora poist) chuig an bpobal i gcoitinne nó chuig aicme den phobal i gcoitinne, tríd an bpost nó trí ríomhphost, i nGaeilge nó go dátheangach (Alt 9(3) den Acht).

- Tá sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil go bhfoilseoidh comhlachtaí poiblí doiciméid thábhachtacha ar leith, atá deimhnithe sa reachtaíocht, go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla, ina measc, aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí, aon tuarascáil bhliantúil, aon chuntas iniúchta nó ráiteas airgeadais, agus ráitis straitéise áirithe (Alt 10 den Acht).

- Tá sé de cheart ag duine aon ghnó a bheadh aige nó aici os comhair Thithe an Oireachtais nó os comhair coistí, fochoistí agus/nó comhchoistí de chuid an Oireachtais a dhéanamh trí Ghaeilge (Alt 6 den Acht).

- Tá sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil go bhfoilseofar gach Acht den Oireachtas a achtaíodh ó mhí Iúil 2006 go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla a luaithe agus is féidir tar éis a achtaithe (Alt 7 den Acht).

- Tá sé de cheart ag an bpobal an Ghaeilge a úsáid in aon chúirt nó i ngnóthaí cúirteanna (Alt 8 den Acht).

- Tá sé de cheart ag an bpobal a bheith in ann leas a bhaint as gach seirbhís trí Ghaeilge atá comhaontaithe i scéim teanga ag comhlachtaí poiblí.  San áireamh anseo tá na forálacha i scéimeanna ar leith a bhaineann le ceantair Ghaeltachta.



- Tá sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil go bhfiosróidh an Coimisinéir Teanga aon ghearán bailí uathu sa chás ina gcreidtear go bhfuil teipthe ar chomhlachtaí poiblí a ndualgais a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, faoi aon rialachán atá déanta faoin Acht agus/nó faoi aon scéim atá daingnithe le comhlachtaí poiblí faoin Acht. Tá sé de cheart ag an bpobal freisin a bheith ag súil go bhfiosróidh an Coimisinéir Teanga aon ghearán bailí ina líomhnaítear nach bhfuil forálacha d’aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge á gcomhlíonadh.

- Tá sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil go bhfaighidh siad comhairle ó Oifig an Choimisinéara Teanga maidir lena gcearta teanga faoin Acht (Alt 21 den Acht).




CAIRT CEARTA TEANGA

# Ról an Choimisinéara Teanga

Is í Uachtarán na hÉireann a cheapann an Coimisinéir Teanga ar chomhairle an Rialtais tar éis do Thithe an Oireachtais rún a rith ag moladh an cheapacháin (Alt 20 den Acht). Tá an Coimisinéir Teanga neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid dualgas.

## Feidhmeanna an Choimisinéara Teanga

Seo a leanas dualgais an Choimisinéara Teanga mar a shonraítear iad in Alt 20 - 30 den Acht:

- Monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla á gcomhlíonadh ag comhlachtaí poiblí agus gach beart riachtanach a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh comhlachtaí poiblí a ndualgais faoin Acht.
- Imscrúduithe a sheoladh as a stuaim féin, ar iarratas ón Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta nó mar thoradh ar ghearán a bheith déanta leis ag aon duine i gcás ina gcreidtear go bhfuil teipthe ar chomhlachtaí poiblí a ndualgais a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tá sé de cheart freisin go bhfiosróidh an Coimisinéir Teanga aon ghearán bailí ina líomhnaítear nach bhfuil foráil d'aon achtacháin eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge á comhlíonadh.
- Tuarascáil i scríbhinn a ullmhú faoi gach imscrúdú.
- Comhairle a chur ar fáil don phobal maidir lena gcearta teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.
- Comhairle a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais teanga faoin Acht.
- Tuarascáil bhliantúil faoi obair Oifig an Choimisinéara Teanga a sholáthar don Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le cur os comhair Thithe an Oireachtais. Tá tuarascálacha bliantúla na hOifige ar fáil ar www.coimisineir.ie.
- Cuntais bhliantúla faoi chaiteachas Oifig an Choimisinéara Teanga a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a sholáthar don Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le cur os comhair Thithe an Oireachtais. Tá cuntais bhliantúla na hOifige ar fáil ar www.coimisineir.ie.

## Cumhachtaí an Choimisinéara Teanga

Seo a leanas cumhachtaí an Choimisinéara Teanga mar a shonraítear iad in Alt 22 - 30 den Acht:

- Tá cumhachtaí tugtha don Choimisinéir Teanga faisnéis scríofa nó ó bhéal a fháil ó chomhlachtaí poiblí chun go mbeidh ar a chumas dualgais a oifige a chomhlíonadh.[10]
- Is féidir leis an gCoimisinéir Teanga iachall a chur ar dhuine freastal os a chomhair chun eolas a thabhairt agus caithfidh an duine sin an ceanglas a chomhlíonadh. Tá an duine sin i dteideal na ndíolúintí agus na bpribhléidí céanna a bheadh sé nó sí i dteideal a fháil dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte é nó í.
- D'fhéadfaí fíneáil nach mó ná €2,000 agus/nó téarma suas le 6 mhí príosúnachta a ghearradh ar dhuine a chiontófaí i gcúirt as diúltú nó as teip comhoibriú leis an gCoimisinéir Teanga nó a chuirfeadh bac ar a chuid oibre.
- Más amhlaidh go ndiúltaíonn comhlacht poiblí nó go dteipeann ar chomhlacht poiblí comhoibriú leis an gCoimisinéir Teanga nó go gcuirtear bac ar a chuid oibre, agus má chruthaítear gur le cead, le cúlcheadú nó le faillí an oifigigh a tharla sé sin, d'fhéadfaí an t-oifigeach agus an comhlacht poiblí a chiontú i gcúirt sa chás áirithe sin.


---

[10] Níl feidhm ag an mír seo i gcás faisnéise a bhaineann le cinntí agus le himeachtaí rialtais nó coiste rialtais má sholáthraíonn Ard-Rúnaí an Rialtais teastas ag deimhniú go bhfuil sé sin amhlaidh maidir le cibé faisnéis atá i gceist.

# Imscrúduithe

Tá údarás agus cumhachtaí ag an gCoimisinéir Teanga de réir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigúla imscrúduithe a dhéanamh i gcásanna ina meastar go bhféadfadh sé gur theip ar chomhlachtaí poiblí a ndualgais reachtúla a chomhlíonadh faoin Acht. Is féidir leis freisin imscrúduithe a dhéanamh má tá amhras ann go bhfuil forálacha d'achtacháin eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge á sárú.

Is é atá i gceist le himscrúdú ná fiosrúchán atá seolta ar bhonn foirmiúil, reachtúil de réir na bhforálacha san Acht. Is féidir imscrúdú a dhéanamh bunaithe ar ghearán ó aon duine, ar iarratas ón Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus/nó ar thionscnamh an Choimisinéara Teanga.



*Is féidir imscrúduithe a sheoladh má mheastar sárú a bheith déanta nó á dhéanamh ar aon fhoráil de chuid:*

- *Acht na dTeangacha Ofigiúla 2003*
- *Na Rialacháin atá i bhfeidhm faoin Acht sin*
- *Scéim teanga atá daingnithe faoin Acht sin nó*
- *Aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge.*

Is iondúil nach rachfaí chun cinn le himscrúdú mura mbeadh iarracht gan toradh déanta an gearán a réiteach ar dtús trí chóras neamhfhoirmiúil réitithe gearán Oifig an Choimisinéara Teanga nó mura mbeadh sé soiléir gur dócha nach réiteofaí an cás go sásúil d'éagmais imscrúdaithe. Próiseas casta é an córas imscrúdaithe a thógann am agus acmhainní agus ní hiondúil go rachfaí ina bhun gan cúis mhaith.

Tá dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí le linn imscrúdaithe faisnéis nó taifid dá gcuid a bhaineann le hábhar an imscrúdaithe a chur ar fáil d'Oifig an Choimisinéara Teanga. Is iondúil go n-iarrfaí ar chomhlacht poiblí aon eolas a bheadh i gcomhaid na heagraíochta faoin ábhar a sholáthar don Oifig chomh maith le tuairisc i scríbhinn a thabhairt ar an ábhar a bheadh á imscrúdú.

Tá dualgas reachtúil freisin ar aon duine ar leith ón gcomhlacht poiblí teacht i láthair an Choimisinéara Teanga le faisnéis ó bhéal a thabhairt, má iarrtar orthu a leithéid a dhéanamh. Tá an té a bheadh ag soláthar faisnéise d'imscrúdú i dteideal na ndíolúintí agus na bpribhléidí céanna le finné os comhair na hArd-Chúirte.

Forálann an tAcht d'fhíneáil nach mó ná €2,000 agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí a ghearradh ar dhuine a chiontófaí i gcúirt as diúltú nó teip comhoibriú le himscrúdú nó a chuirfeadh bac ar a leithéid.

Críochnaíonn imscrúdú le tuarascáil a chuirtear ar fáil do na páirtithe cuí (an comhlacht poiblí lena mbaineann, an gearánach, más ann dó nó di, agus an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta). Bheadh cinneadh an Choimisinéara Teanga i leith an ghearáin agus moltaí cuí sa tuarascáil sin. Is féidir achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh laistigh de cheithre seachtaine. Mura gcuirtear moltaí an Choimisinéara Teanga i bhfeidhm laistigh de thréimhse ama réasúnta, is féidir leis tuarascáil a thabhairt do Thithe an Oireachtais ar an gceist.

Is féidir leis an gCoimisinéir Teanga diúltú gearán a imscrúdú faoin Acht nó éirí as an imscrúdú má thagann sé ar an tuairim:


a) Go bhfuil an gearán fánach nó cráiteach, is é sin nach bhfuil bunús cuí leis an ngearán;

b) Nach bhfuil iarrachtaí réasúnacha déanta ag an ngearánach réiteach a lorg sa chás, nó má tá, nár diúltaíodh sásamh dó nó di;

c) Go mbaineann an gearán le feidhm de chuid an Ombudsman amháin faoi Alt 4(2)(a) den Acht Ombudsman 1980;

d) Nach bhfuil aon sárú ar fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla ná aon achtacháin eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge i gceist leis an ngearán.

Is féidir leis an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, le toiliú an Aire Airgeadais, scéim chúitimh a dhéanamh. Chuirfeadh scéim chúitimh, dá mbeadh a leithéid ann, dualgas ar chomhlacht poiblí cibé suimeanna a bheadh sonraithe sa scéim chúitimh a íoc i leith sáraithe ar fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla a bheadh sonraithe i dtuarascáil imscrúdaithe de chuid an Choimisinéara Teanga. Ní raibh scéim dá leithéid déanta nuair a foilsíodh an t-eagrán seo den Treoirleabhar seo.



## Sampla de thoradh ar Imscrúdú

*Chinn an Coimisinéir Teanga sa bhliain 2007 tar éis imscrúdaithe gur sárú ar dhualgais teanga faoin Acht Oideachais 1998 a bhí ann nuair nach raibh fáil ar sheirbhísí áirithe taca trí Ghaeilge do scoileanna aitheanta a chuir teagasc trí Ghaeilge ar fáil agus na seirbhísí sin ar fáil trí Bhéarla do scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán na teanga sin.*



# Freagrachtaí an Aire agus an Choimisinéara Teanga

Is oifig iomlán neamhspleách í Oifig an Choimisinéara Teanga mar atá leagtha amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tá idirdhealú soiléir déanta san Acht idir freagrachtaí an Choimisinéara Teanga agus freagrachtaí an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Seo a leanas samplaí den idirdhealú sin:

## Cur i bhfeidhm an Achta

An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a threoraigh an Bille tríd an Oireachtas lena achtú agus atá freagrach as an reachtaíocht thar cheann an Rialtais don Oireachtas. An tAire a thug tús feidhme d'fhorálacha éagsúla an Achta de réir a chéile le horduithe Aire. Déanann an tAire aon Ionstraim Reachtúil nó Rialachán faoin Acht. An tAire atá freagrach freisin as soláthar cuí foirne agus acmhainní d'Oifig an Choimisinéara Teanga.

Déanann an Coimisinéir Teanga monatóireacht ar an gcaoi a bhfuil forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla á gcomhlíonadh ag comhlachtaí poiblí agus déanann sé gach beart riachtanach chun a chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí poiblí a ndualgais faoin Acht.

## Scéimeanna teanga

Is é an tAire a chuireann ceangal ar chomhlachtaí poiblí dréachtscéimeanna teanga a ullmhú agus a sholáthar dó le daingniú. Eisíonn an tAire treoirlínte chuig comhlachtaí poiblí le cabhrú leo in ullmhú na ndréachtscéimeanna. Féadfaidh an tAire na treoirlínte sin a athmheas ag cibé am is cuí leis.

Is é an tAire a dhaingníonn gach scéim teanga, tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus le toiliú cheann an chomhlachta phoiblí lena mbaineann. Is é an tAire a chuireann cóip den scéim dhaingnithe chuig an gCoimisinéir Teanga.

Déanann an Coimisinéir Teanga faireachán ar an gcaoi a bhfuil forálacha gach scéime daingnithe á gcomhlíonadh ag comhlachtaí poiblí agus déanann sé gach beart riachtanach chun a chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí poiblí a ndualgais faoi na scéimeanna reachtúla seo.

Is é an tAire a cheanglaíonn ar chomhlachtaí poiblí, tráth nach déanaí ná 6 mhí sula dtéann scéim teanga in éag, an scéim atá acu a athbhreithniú agus dréachtscéim nua a ullmhú agus a thíolacadh dó.

## Comhairle

Is ar an gCoimisinéir Teanga a leagtar an dualgas comhairle a chur ar fáil don phobal maidir lena gcearta teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Is ar an gCoimisinéir Teanga freisin atá an dualgas comhairle a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais teanga faoin Acht.

## Gearáin agus imscrúduithe

Fiosraíonn an Coimisinéir Teanga gearáin ón bpobal agus déanann an Coimisinéir Teanga imscrúdú a sheoladh i gcás ina gcreidtear go bhfuil teipthe ar chomhlacht poiblí a dhualgas a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Fiosraíonn sé gearáin chomh maith i gcás líomhaintí faoi shárú ar fhorálacha d'achtacháin eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge

Is féidir leis an gCoimisinéir Teanga imscrúdú a sheoladh as a stuaim féin, ar iarratas ón Aire nó mar thoradh ar ghearán ón bpobal.

Ullmhaíonn an Coimisinéir Teanga tuarascáil i scríbhinn faoi gach uile imscrúdú. Cuireann sé cóip den tuarascáil le fionnachtana agus moltaí chuig an Aire, chuig an gcomhlacht poiblí lena mbaineann agus chuig an ngearánach, más ann dó. Ina dhiaidh sin is féidir le haon pháirtí in imscrúdú, nó aon duine eile a dhéanann fionnachtana agus moltaí an imscrúdaithe difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí laistigh de cheithre seachtaine.

Más é tuairim an Choimisinéara Teanga go bhfuil teipthe ar an gcomhlacht poiblí moltaí an imscrúdaithe a chur i bhfeidhm taobh istigh de thréimhse ama réasúnach, féadfaidh sé tuarascáil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais maidir leis an teip sin.

## Scéimeanna cúitimh

Is féidir leis an Aire, le toiliú an Aire Airgeadais, scéim chúitimh a dhéanamh a thabharfadh ar chomhlacht poiblí cúiteamh airgid a íoc le duine/daoine cuí i leith aon teipe a bheadh sonraithe i dtuarascáil a bheadh ullmhaithe tar éis imscrúdaithe ag an gCoimisinéir Teanga.

## Logainmneacha

Déanann an tAire, tar éis dó comhairle a fháil ón gCoimisiún Logainmneacha, Ordaithe Logainmneacha a dhaingniú a dhearbhaíonn an leagan oifigiúil i nGaeilge de logainmneacha. Má tá Ordú Logainmneacha déanta, caithfidh comhlachtaí poiblí an leagan Gaeilge de logainm atá san Ordú a úsáid in aon fhógairt thaifeadta bhéil, in aon cheannteideal stáiseanóireachta nó in aon chomhartha a chuirtear in airde.

Nuair a dhéanann an tAire dearbhú i leith logainm sa Ghaeltacht, is é an leagan Gaeilge amháin a úsáidtear feasta i reachtaíocht, ar léarscáileanna ar leith de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus ar chomharthaí bóithre agus sráide de chuid na n-údarás áitiúil.

Déanann an Coimisinéir Teanga monatóireacht ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le logainmneacha.

## Tuarascálacha

Cuireann an tAire tuarascáil ar fáil gach bliain don Oireachtas maidir le hoibriú Acht na dTeangacha Oifigiúla sa bhliain roimhe sin.

Soláthraíonn an Coimisinéir Teanga tuarascáil bhliantúil faoi obair Oifig an Choimisinéara Teanga don Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le leagan os comhair Thithe an Oireachtais.

Soláthraíonn an Coimisinéir Teanga cuntais bhliantúla faoi chaiteachas Oifig an Choimisinéara Teanga don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ina dhiaidh sin don Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le leagan os comhair Thithe an Oireachtais.

Féadfaidh an Coimisinéir Teanga tráchtaireacht a fhoilsiú ar fheidhm phraiticiúil agus ar oibriú fhorálacha an Achta, san áireamh tráchtaireachtaí bunaithe ar thaithí shealbhóirí Oifig an Choimisinéara Teanga i leith imscrúduithe.

# Seicliosta do Chomhlachtaí Poiblí

| **Dualgais** | ✓ |
|---|---|
| An bhfuil córas in áit ag do chomhlacht a chinntíonn go bhfuil freagraí i nGaeilge á dtabhairt ar chumarsáid i scríbhinn nó go leictreonach i nGaeilge? | |
| An bhfuil an fhoireann ar fad ar an eolas faoin gcóras maidir le déileáil le comhfhreagras i nGaeilge? | |
| An bhfoilsítear na croídhoiciméid atá luaite san Acht go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla, is é sin doiciméid ag leagan amach tograí beartais phoiblí, tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, ráitis airgeadais, ráitis straitéise (más cuí)? | |
| An gcinntítear go seoltar faisnéis atá á soláthar don phobal i gcoitinne nó d'aicme don phobal i gcoitinne tríd an bpost nó go leictreonach (mar shampla cora poist) i nGaeilge nó go dátheangach? | |
| An bhfuil córas in áit ag do chomhlacht chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na Rialacháin atá déanta faoin Acht maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla:<br>• i bhfógairtí taifeadta béil • ar stáiseanóireacht • ar chomharthaíocht? | |
| Má tá scéim teanga faoin Acht daingnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i gcás do chomhlachta, an bhfuil córas éifeachtach ann le cinntiú go bhfuil gealltanais na scéime sin á gcur i bhfeidhm? | |
| An bhfuil an fhoireann ar an eolas faoi na seirbhísí i nGaeilge atá á soláthar ag do chomhlacht? | |
| An bhfuil córas i bhfeidhm chun do chustaiméirí a chur ar an eolas go réamhghníomhach faoi na seirbhísí trí Ghaeilge atá á soláthar ag do chomhlacht dóibh? | |
| Má tá dualgais reachtúla teanga ar do chomhlacht poiblí de bhun aon fhoráil d'achtacháin eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge (mar shampla Acht bunaidh nó Ionstraim Reachtúil bhunaidh), an bhfuiltear ag comhlíonadh na ndualgas sin go cuí? | |
| An gcinntíonn do chomhlacht poiblí go bhfuil córas i bhfeidhm le comhoibriú le hOifig an Choimisinéara Teanga le linn faireachán a bheith á dhéanamh ar chomhlíonadh dualgais teanga faoin Acht nó le linn imscrúdaithe? | |





# Sonraí Teagmhála

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Teanga mar seo a leanas:


**POST**: An Coimisinéir Teanga
An Spidéal
Co. na Gaillimhe
Éire

**FÓN**: 091-504 006

**GLAO ÁITIÚIL**: 1890-504 006

**FACS**: 091-504 036

**RÍOMHPHOST**: eolas@coimisineir.ie

**SUÍOMH GRÉASÁIN**: www.coimisineir.ie


*Is é an leagan Gaeilge an bhunchóip den Treoirleabhar seo.*